

Reference No: F135/1/71; **Date:** 03/11/70

Ciorclán Príobháideach 10/1970:- "Maidir le do Litir" - Lámhleabhar faoi Chomhfhreagras i nGaeilge A Chara,

Cuirim chugat leis seo, mar eolas, cóip de leabhrán dar teideal "Maidir le do Litir", a ullmhaíodh ar iarratas na Roinne seo.

Tá iarracht déanta sa leabhrán seo ar chuid de na deacrachtaí a bhaineann le húsáid na Gaeilge i ngnóthaí oifige a réiteach, agus ar chabhair a thabhairt chun úsáid na Gaeilge a fhairsingiú sa chomhfhreagras a bhaineann le gnóthaí riaracháin agus tráchtála, agus sa chomhfhreagras foirmiúil, idir phoiblí agus phríobháideach.

Ba cheart a chur in iúl do gach oifigeach go dtabharfar cóip den leabhrán seo dó/di, ach ceann a iarraidh. Ceadaítear duit cóip a chur ar fáil in aisce do gach oifigeach a dhéanfaidh amhlaid. Féadfar tuilleadh cóipeanna a fháil ó Oifig an tSoláthair.

Níor mhiste aon treoreacha nó cleachtais atá i bhfeidhm cheana féin faoi chomhfhreagras i nGaeilge a athbhreithniú i láthair na comhairle a thugtar sa leabhrán, agus iad a leasú de réir mar is gá.

Cuirfear fáilte roimh aon mholtaí nó smaointe faoi fheabhas a chur ar aon eagráin den leabhrán a fhoilseofar amach anseo.

Mise, le meas,

S.Ó Conaill